snasTV
NUACHT TG 4

Paráid na Samhna

Meánleibhéal 1 (B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi pharáid na Samhna (*Halloween parade*) i nGaillimh. Féach ar an bhfíseán beag a chuirfidh an teagascóir ar siúl agus pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat ansin. Líonaigí isteach an tábla stór focal freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
paráid	*performer*
Oíche Shamhna	*show*
gléasta	*celebrating*

1. Cad atá ar siúl san fhíseán, dar leat? An gcuireann sé eagla nó áthas ort? Cén fáth?

   (Is dóigh liom gur … atá ann. / Tá siad gléasta mar ...)

2. Cad a bhíonn ar siúl i do cheantar féin Oíche Shamhna?

   (Bíonn taibhsí timpeall. / Bíonn paráid ann gach bliain. / Bíonn an baile maisithe.)

3. Cad a rinne tú Oíche Shamhna i mbliana?

   (Ghléas mé suas mar chailleach. / D'ith mé bairín breac.)

4. Ar imir tú bob nó bia nuair a bhí tú óg? Cén fáth?

   (D'imir ... / Ní raibh an nós sin ann …)

5. Is i nGaillimh a bunaíodh Macnas. Cén chanúint Ghaeilge a labhraítear i nGaeltacht na Gaillimhe? An bhfuil focail nó frásaí ar bith ar eolas agat ón gcanúint sin?



B: FOCLÓIR


1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball beag. Abair amach os ard iad agus déan iarracht iad a fhuaimniú i gceart. Ní gá go mbeadh siad ar eolas agat go fóill.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
ag ceiliúradh		i gcroílár	
ar an bhfód		taibheoirí	
fiántas		lucht léiriúcháin	
ar bun		ceardaíocht	
taibhseach		faoi dhraíocht	
taispeántas		príomhchathair	

Féach ar an mír den chéad uair anois agus cuir cluas ort féin do na focail sin.

2. Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí brí na bhfocal le chéile. Breacaigí isteach na leaganacha Béarla sa tábla thuas.

3. Tugaigí faoin gcrosfhocal thíos anois. Is iad na focail sa tábla thuas atá le cur isteach ann (gan spásanna idir na focail).



Trasna

1. An fhoireann taobh thiar den stáitse (*producers*). (dhá fhocal)
5. Faoi gheasa (*captivated*) ag rud. (dhá fhocal)
9. Ar siúl faoi láthair. (dhá fhocal)
10. Ag comóradh ócáid speisialta. (dhá fhocal)
11. Seó nó ealaín os comhair an phobail.
12. In áit éigin le fada. (trí fhocal)

Síos

2. Rudaí a dhéanamh de láimh.
3. I lár. (dhá fhocal)
4. An-suntasach agus drámatúil.
6. Iad siúd a bhíonn ag obair ar an stáitse.
7. An chathair is tábhachtaí i dtír.
8. Má tá rud fiáin, tá _____ ag baint leis.

4. Cé acu de na focail thíos an ceann corr? A, B, C nó D?

   A. dhá scór B. daichead C. ceathracha D. ceathrar

5. Roghnaigh an réamhfhocal simplí ceart (*ar*, *de*, *le*, *as*) chun an abairt a chríochnú. Cad is brí leis an abairt?

   Beidh an pharáid ag tabhairt aghaidh ____ Bhaile Átha Cliath amárach.

6. Meaitseáil na frásaí (a – d) leis na hainmfhocail chearta (1 – 4). Cad is brí leis na frásaí?

Ainmfhocal	**Frása**
1. an deisceart	a. fiántas an iarthair
2. an t-oirthear	b. stair an oirthir
3. an t-iarthar	c. áilleacht an tuaiscirt
4. an tuaisceart	d. aimsir an deiscirt

1	2	3	4



C: TUISCINT

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cé mhéad duine a bhailigh le chéile ar shráideanna na Gaillimhe don pharáid?

   A. Na céadta.
   B. Na mílte.
   C. 350 duine.

2. Cé mhéad bliain atá Macnas ar an bhfód i mbliana?

3. *Fiáin* ainm na paráide i mbliana. Cén fáth?

4. Bhí sé ag cur báistí i rith na paráide.

   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

5. Cé mhéad flóta a bhí sa pharáid?

   A. 10
   B. 11
   C. 40

6. Thosaigh an pharáid in Ollscoil na Gaillimhe. Cár chríochnaigh sí?

7. Cad atá an taibheoir paráide ag cuardach?

   A. Fáinne.
   B. Ór.
   C. A cairde.

8. Is taibheoirí iad ar fad na daoine a bhíonn ag obair le Macnas agus leis an bparáid.

   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

9. Cá rachaidh an pharáid tráthnóna amárach, agus cén fáth?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An réamhfhocal simplí agus an t-alt – an córas lárnach)

*'ar an **bh**fód'* *'ar an **b**paráid'* *'ar an ór'*

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Líonaigí an tábla thíos leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal.

réamhfhocal simplí + an	ainmfhocal	réamhfhocal simplí + an + an fhoirm cheart den ainmfhocal
ar an	*paráid*	*ar an **b**paráid*
ag an	*geata*	
ón	*cathair*	
leis an	*fear*	
ag an	*taibheoir*	
roimh an	*dráma*	
ar an	*sráid (b.)*	
faoin	*solas (f.)*	
ar an	*ór*	

b) Cad í an riail? Líonaigí na bearnaí:

i. Ainmfhocal a thosaíonn ar *b*, *c*, *f*, *g* nó *p*: cuirtear _____ air (*ar an bparáid*).
ii. Ainmfhocal a thosaíonn ar *d* nó *t*: _____ (*roimh an dráma*).
iii. Ainmfhocal baininscneach a thosaíonn ar *s*: cuirtear _____ roimhe (*ar an tsráid*).
iv. Ainmfhocal a thosaíonn ar ghuta: _____ (*ar an ór*).

Bí cúramach! Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sa Chaighdeán Oifigiúil i ndiaidh *den*, *don* agus *sa*: *don pharáid*, *sa phríomhchathair*.

c) Cuir an fhoirm cheart de na hainmfhocail atá idir lúibíní sna bearnaí thíos:

i. Chonaic mé cat dubh ag an (fuinneog) _____ aréir!
ii. Las siad tine chnámh ar an (trá) _____.
iii. Bhí cailleach ag eitilt in aice leis an (bunscoil) _____ ar a scuab.
iv. Thug mé milseáin don (cailín) _____ a bhí gléasta mar phúca.
v. Chuala siad ceol aisteach ón (seomra) _____ thuas staighre.
vi. D'ith mé bairín breac sa (cistin) _____.
vii. Tá aghaidh le feiceáil ar an (gealach) _____ anocht.
viii. Bhí na taibheoirí ag caint leis an (slua) _____.

E: CUMARSÁID

1: Caint – Paráid nua Macnas

Tá Macnas ag lorg smaointe do pharáid nua bunaithe ar bhéaloideas na hÉireann. Bígí ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Roghnaígí duine de na neacha thíos agus déanaigí plean do fhlóta na bliana seo chugainn. Is féidir neach eile ón mbéaloideas a roghnú freisin, más mian libh.



An púca	Is féidir leis a chruth a athrú: capall dubh, gabhar nó madra, mar shampla. Imríonn sé cleasa ar dhaoine, go háirithe timpeall na Samhna.
An bhean sí	Bean ón Saol Eile a chaoineann san oíche nuair atá duine den teaghlach ar tí bás a fháil. Bíonn gruaig fhada uirthi.
An fathach	Fear ollmhór, chomh hard le teach agus chomh láidir le céad fear.
An t-each uisce	Feictear é mar chapall álainn ar bhruach an locha. Má théann tú ar a dhroim, tarraingeoidh sé isteach san uisce thú.

Pléigí:

Cén neach a bheidh ar an bhflóta?
Cén chuma a bheidh air? (dathanna, méid, éadaí ...)
Cad a dhéanfaidh na taibheoirí? An mbeidh ceol nó fuaimeanna ann?
Cén fáth a dtaitneoidh an flóta seo leis an bpobal?

2: Scríobh

Scríobh ríomhphost (thart ar 10 líne) chuig Macnas le smaointe do pharáid na bliana seo chugainn. Inis dóibh:

- an scéal nó an miotas atá taobh thiar den fhlóta atá ar intinn agat
- an chuma a bheidh ar an bhflóta (dathanna, carachtair, ainmhithe ...)
- an méid a bheidh á dhéanamh ag na taibheoirí
- an tslí a gcuirfidh sé an slua faoi dhraíocht

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN TRAS-SCRÍBHINN

Siún Nic Gearailt
Anseo ag baile, bhailigh na mílte ar shráideanna na Gaillimhe tráthnóna do Pharáid na Samhna le Macnas, atá ag ceiliúradh daichead bliain ar an bhfód i mbliana. *Fiáin* an teideal atá ar an bparáid agus ceiliúradh á dhéanamh ar fhiántas an iarthair atá ina inspioráid don obair a bhíonn ar bun ag Macnas.

Sinéad Ní Neachtain
Ba thaibhseach an taispeántas a bhí ag Macnas anocht i gcroílár na Gaillimhe. Tá an comhlacht idirnáisiúnta taispeántais ag ceiliúradh dhá scór bliain ar an bhfód i mbliana.

Fiáin an teideal atá ar an bparáid agus ceiliúradh á dhéanamh ar fhiántas an iarthair atá ina inspioráid don obair a bhíonn ar bun ag Macnas.

Bhí paráid na bliana seo ar an gceann is mó riamh, le haon cheann déag de fhlótaí a rinne a mbealach ó Ollscoil na Gaillimhe go Bóthar Eglinton, síos Sráid na Siopaí chomh fada le Stáisiún Dóiteáin an Chladaigh.

Taibheoir paráide
Cén chaoi a bhfuil sibh? Tá mé ag breathnú ar an ór. Tá mé ag breathnú ar an ór an t-am ar fad, bíodh a fhios agat. Tá mé á chuartú[1]. Tá fáinne deas ort, nach bhfuil? Tá sé ag teastáil.

Sinéad Ní Neachtain
350 duine atá ag obair ar an taispeántas seo – idir thaibheoirí agus lucht léiriúcháin agus ceardaíochta, – a chruthaigh go leor de na píosaí atá ag cur gach a bhfuil anseo faoi dhraíocht.

Tabharfaidh an pharáid aghaidh ar Bhaile Átha Cliath tráthnóna amárach d'Fhéile Bram Stoker atá á reáchtáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chuid de cheiliúradh na Samhna sa bpríomhchathair[2].

Sinéad Ní Neachtain ar Nuacht TG4 i nGaillimh.

[1] *á chuartú* = leagan canúnach de '*á chuardach*'
[2] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Seinn an físeán 'Paráid na Samhna – A – Machnamh' agus lig do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna. Ná tabhair an iomarca eolais dóibh faoin bparáid go fóill; is leor go dtuigfidh siad gur ceiliúradh Samhna atá ann.


Ceist 5: Canúint Chonnacht atá ag an taibheoir agus ag Sinéad Ní Neachtain sa mhír. Má bhíonn an t-am agat, déan comparáid idir í agus na canúintí eile: *Cén chaoi a bhfuil tú?* (*Conas atá tú?* / *Cad é mar atá tú?*); *ag breathnú* (*ag féachaint* / *ag amharc*); *á chuartú* (*á chuardach*). Cloisfidh siad na samplaí sin sa mhír.

B: FOCLÓIR

1. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le haon deacracht foghraíochta a bheadh acu. Ná tabhair na leaganacha Béarla do na foghlaimeoirí go fóill. Abair leo go gcuideoidh comhthéacs na míre leo na focail a thuiscint.
2. Tabhair deis do gach beirt na focail a phlé le chéile tar éis na chéad féachana agus brí na bhfocal a dhéanamh amach le chéile. Tar éis cúpla nóiméad, cinntigh go bhfuil brí na bhfocal acu agus go bhfuil an leagan Béarla scríofa sna colúin chuí. Féach:

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
ag ceiliúradh	*celebrating*	i gcroílár	*in the heart (centre) of*
ar an bhfód	*in existence, going (lit. 'on the sod')*	taibheoirí	*performers*
		lucht léiriúcháin	*production crew*
fiántas	*wildness*	ceardaíocht	*craft(s), craftwork*
ar bun	*underway, going on*	faoi dhraíocht	*enchanted, spellbound*
taibhseach	*spectacular, dramatic*	príomhchathair	*capital city*
taispeántas	*show, display*		

3. Abair leo an crosfhocal a dhéanamh ina mbeirteanna. Mínigh dóibh gurb iad na focail atá díreach pléite acu na focail atá á gcuardach acu.



4. D. *ceathrar = four people*. Ciallaíonn na cinn eile 40: dhá scór (2 x 20), daichead agus ceathracha.
5. Freagra: *ar*. Beidh an pharáid ag tabhairt aghaidh ar Bhaile Átha Cliath amárach = *The parade will be heading for Dublin tomorrow.* Ciallaíonn *tabhair aghaidh ar* dul i dtreo áite (*to head for*) nó déileáil le rud (*to face*).
6. 1 d (*the weather of the south*), 2 b (*the history of the east*), 3 a (*the wildness of the west*), 4 c (*the beauty of the north*). Is sa tuiseal ginideach atá na hainmfhocail sna frásaí: *an t-iarthar – an iarthair*.

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cé mhéad duine a bhailigh le chéile ar shráideanna na Gaillimhe don pharáid?
B. Na mílte.
1. Cé mhéad bliain atá Macnas ar an bhfód i mbliana?
Daichead bliain (dhá scór bliain).
2. *Fiáin* ainm na paráide i mbliana. Cén fáth?
Chun fiántas an iarthair a cheiliúradh.
3. Bhí sé ag cur báistí i rith na paráide.
C. Ní deirtear.
4. Cé mhéad flóta a bhí sa pharáid?
B. 11.
5. Thosaigh an pharáid in Ollscoil na Gaillimhe. Cár chríochnaigh sí?
Ag Stáisiún Dóiteáin an Chladaigh.
6. Cad atá á chuardach ag an an taibheoir paráide?
B. Ór. (Tugann sí an fáinne faoi deara freisin!)
7. Is taibheoirí iad ar fad na daoine a bhíonn ag obair le Macnas agus leis an bparáid.
B. Bréagach. Tá taibheoirí, lucht léiriúcháin agus lucht ceardaíochta ina measc.
8. Cá rachaidh an pharáid tráthnóna amárach, agus cén fáth?
Go Baile Átha Cliath, d'Fhéile Bram Stoker.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An réamhfhocal simplí agus an t-alt – an córas lárnach)

a) Freagraí:

réamhfhocal simplí + an	ainmfhocal	réamhfhocal simplí + an + an fhoirm cheart den ainmfhocal
ar an	*paráid*	ar an **b**paráid
ag an	*geata*	ag an **n**geata
ón	*cathair*	ón **g**cathair
leis an	*fear*	leis an **bh**fear
ag an	*taibheoir*	ag an taibheoir
roimh an	*dráma*	roimh an dráma
ar an	*sráid (b.)*	ar an **t**sráid
faoin	*solas (f.)*	faoin solas
ar an	*ór*	ar an ór

b) Freagraí: i. urú ii. gan athrú iii. *t* iv. gan athrú

c) Freagraí: i. *ag an bhfuinneog* ii. *ar an trá* iii. *leis an mbunscoil* iv. *don chailín* v. *ón seomra* vi. *sa chistin* vii. *ar an ngealach* viii. *leis an slua*

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair 10 – 15 nóiméad do na grúpaí. Is féidir leo neach eile a roghnú freisin, mar shampla Clann Lir, Oisín i dTír na nÓg nó an leipreachán. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo. Cuir béim ar an aimsir fháistineach (*beidh*, *déanfaidh*) agus ar an réamhfhocal simplí + an t-alt (*ar an bhflóta*).
Nuair a bheidh siad réidh, iarr ar gach grúpa a bplean a chur i láthair an ranga.

2: Scríobh

Abair leo an ríomhphost a scríobh. Freagra samplach:

A chairde,
Is mise Seán agus is as Baile Átha Luain mé. Chuaigh mé go dtí Paráid na Samhna i nGaillimh le mo theaghlach i mbliana agus bhain muid an-taitneamh aisti. Chuir na flótaí faoi dhraíocht muid! Tá smaoineamh agam do pharáid na bliana seo chugainn: 'An tEach Uisce'. Nuair a bhí mé óg, d'inis mo sheanmháthair an scéal sin dom. Is capall draíochta é an t-each uisce. Cónaíonn sé i loch, agus má théann tú ar a dhroim, tarraingeoidh sé isteach san uisce thú! Is breá liom capaill; mar sin ba mhaith liom capall mór bán a bheith ar an bhflóta. Beidh moing (gruaig) fhada ghlas air – cosúil le feamainn. Beidh an flóta gorm agus glas – cosúil le loch – agus beidh soilse beaga airgid air freisin. Beidh bád beag adhmaid agus éisc mhóra dhaite ar an bhflóta freisin.
Beidh na taibheoirí gléasta mar iascairí agus mar mhaighdeana mara. Beidh siad ag damhsa ar an tsráid in aice leis an bhflóta agus beidh ceol draíochta ar siúl.
Ceapaim go dtaitneoidh an flóta go mór leis an bpobal, go háirithe le páistí. Is scéal iontach é atá fiáin agus beagáinín scanrúil!
Le gach dea-ghuí,
Seán

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.